

Céim I

- Dóiteán sa teach
- Dóiteán sa chlub óige
- Oíche stoirmiúil

Léigh na nótaí thíos agus bain úsáid astu agus tú ag déanamh na gceachtanna san aonad seo.

1 Dóiteán

Bhí boladh gáis ag teacht ón tine –
There was a smell of gas coming from the fire

Bhí Máire ag cócaireacht sa chistin –
Máire was cooking in the kitchen

Chuir sí sáspan ar an gcócaireán –
She put a pot on the cooker

Leictreachas – *Electricity*

Ag iarnáil – *Ironing*

Phléasc lasracha san aer –
Flames exploded into the air

Thit píosa guail amach ar an gcairpéad –
A piece of coal fell out onto the carpet

Shuigh mé cois tine – *I sat by the fire*

Rinne mé dearmad – *I forgot*

Bhí boladh deataigh ann – *There was a smell of smoke*

Chuala mé an bonnán – *I heard the siren*

Aláram deataigh – *Smoke alarm*

Garchabhair – *First aid*

Fearas – *Equipment*

Bhí na lasracha ag leathadh ar fud an tí –
The flames were spreading throughout the house



2 An bhriogáid dóiteáin

Inneall dóiteáin – *Fire engine*

Na lasracha – *The flames*

Na seirbhísí éigeandála – *The emergency services*

Píobán uisce – *Hose*

Umar ocsaigine – *Oxygen tank*

Culaith speisialta – *Special suit*

Masc – *Mask*

Lámhainní – *Gloves*


Múch an tine – *Extinguish the fire*

Dódh an teach – *The house burnt*

Bealaí éalaithe – *Emergency exits*

Múchtóir ceimiceach – *Chemical extinguisher*

Dréimire – *Ladder*



Nathanna cainte breise

Gan a thuilleadh moille – *Without further delay*

I bpreabadh na súl – *In the blinking of an eye*

Ba bheag nár thit mé i laige – *I nearly collapsed*

Baineadh geit uafásach asam – *I got a terrible fright*

Lig mé osna faoisimh asam – *I sighed with relief*

Baineadh preab asam – *I got a fright*

B' uafásach an radharc é – *It was a terrible sight*

Céim 2

(a) Léigh an scéal thíos agus líon na bearnaí. Bain úsáid as an liosta focal thíos mar chabhair duit.

‘Bhí an oíche dorcha. Bhí sé leathuair tar éis a _____. Chuala mé torann ait thíos _____. Léim mé as an leaba agus rith i dtreo an _____. Ansin chuala mé m’athair ag glaoch orm. D’oscail mé an doras agus ba bheag nár thit mé i laige nuair a chonaic mé _____ ag leathadh ar fud an tí. Dhún mé an doras go tapa agus dhruid mé i dtreo na fuinneoige. Thosaigh mé ag _____ in ard mo chinn is mo ghutha. Ag an bhfuinneog chonaic mé scata mór sa ghairdín. Gan mhoill tháinig an bhriogáid _____ agus chuir said dréimire suas in aice liom. D’iompar fear mór láidir mé síos go talamh, agus lig mé osna faoisimh asam (*sigh of relief*) nuair a chonaic mé mo thuismitheoirí agus mo dheirfiúr ag feitheamh liom sa _____ tosaigh. Mhúch na fir an _____, ach bhí an-bhrón orainn nuair a chonaiceamar an teach, a bhí _____ go dona.

Liosta focal

screadach, ghairdín, dóite, dó dhéag, dóiteáin, tine, dorais, staighre, lasracha

(b) Meitseáil A agus B anseo.

A	M	e	a	i	t	s	e	á	i	l	B	M	e	a	i	t	s	e	á	i	l
Tar éis tamaill tháinig											ón	tine									
Bhí na lasracha ag leathadh											thit	mé	i	laige							
Chuala mé											ar	an	gcócaireán								
Oíche dhubh dhorcha											an	radharc	é								
Bhí boladh gáis ag teacht											a	bhí	ann								
Ba bheag nár											na	seirbhisí	éigeandála								
B’uafásach											dóiteáin										
Inneall											ar	fud	an	tí							
Chuir sí sáspan											an	bonnán									
Lig mé osna											faoisimh	asam									

(c) Cuir na habairtí thíos san ord ceart. Scríobh amach i do chóipleabhar iad. Ansin léigh an scéal agus foghlaim na nathanna cainte atá ann.

Nuair a shroich mé an carrchlós chonaic mé go raibh dóiteán sa bhialann in aice leis an bpictiúrlann.

Bhí gach duine ag screadach, agus bhí na bealaí éalaithe go léir ar oscailt.

Bhí an phictiúrlann plódaithe le déagóirí.

Bhí deatach i ngach áit, agus shiúil mé go dtí stad an bhus chun dul abhaile.

Leis sin chonaic mé mo thuismitheoirí ag glaoch orm.

Go tobann labhair bean ar an gcallaire (*loudspeaker*).


Bhí an-áthas orm iad a fheiceáil, agus léim mé isteach sa charr.

‘Fágai gí an phictiúrlann go tapa. Ná bac le bhur gcótaí.’

Léim mé as an suíochán, agus lasadh na soilse.

Bhí inneall dóiteáin i lár an charrchlóis agus bhí na comhraiceoirí dóiteáin (*fire fighters*) ag iarraidh na lasracha a mhúchadh.

Chuala said ar an raidió go raibh dóiteán sa bhialann, agus tháinig said chun síob a thabhairt dom.



(d) Ceap scéal (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar thús leis.

(a) ‘Bhí an scannán go hiontach, agus bhíomar ag baint an-taitneamh as. Go tobann chualamar an t-aláram deataigh ...’

(b) ‘Bhí an múinteoir déanach don rang. Bhíomar sa tsaotharlann. Ansin thosaigh Seán ag pleidhcíocht ...’

(c) ‘Dhúisigh mé i lár na hoíche nuair a fuair mé boladh dóite (*burning smell*) sa teach ...’

Céim 3

1 Stoirm

Bhí scamail mhóra dhorcha le feiceáil sa spéir	<i>There were big dark clouds in the sky</i>
Bhí gaoth láidir ag séideadh	<i>There was a strong wind blowing</i>
Soilsíodh an seomra le tintreach	<i>The room was lit up with lightning</i>
Theip ar an leictreachas	<i>The electricity failed</i>
Oíche fhuar fhliuch a bhí ann	<i>It was a cold, wet night</i>
Bhí gaoth nimhneach ag séideadh	<i>A bitter wind was blowing</i>
Bhí sé ag stealladh báistí	<i>It was lashing rain</i>
Bhí línte leictreachais scaipthe ar fud na háite	<i>There were electricity lines scattered around</i>

Briathra usáideacha

Ghlaoigh mé ar mo chara – *I called my friend*

D'éalaigh mé as an teach – *I escaped from the house*

Bhuail mé ar an doras – *I knocked on the door*

Ug mé béic asam – *I screamed*

D'éirigh mé neirbhíseach – *I became nervous*

Chuardaigh mé an teach – *I searched the house*

Stróic mé mo gheansaí – *I tore my jumper*

Lean mé mo chara – *I followed my friend*

Shleamhnaigh mé ar an urlár – *I slipped on the floor*



Nathanna cainte: deireadh an scéil

Soilsíodh an seomra le tintreach – *The room was lit up with lightning*

Fanfaidh an lá sin i mo chuimhne go deo – *That day will stay in my memory for ever*

Caithfidh mé a rá go raibh áthas an domhain orm a bheith sa bhaile arís – *I have to say I was delighted to be at home again*

Bhí mé tuirseach traochta an oíche sin – *I was exhausted that night*

Céim 4

(a) Cuir Béarla ar na nathanna cainte thíos.

Soilsíodh an seomra le tintreach _____

Fanfaidh an lá sin i mo chuimhne go deo _____

Bhí scamaill mhóra dhorcha le feiceáil sa spéir _____

D'éalaigh mé tríd an bhfuinneog _____

Shleamhnaigh mé ar an urlár _____

Bhí línte leictreachais scaipthe ar fud na háite _____

(c) Léigh an scéal thíos agus cuir deireadh leis.

*** Ná déan dearmad ar na nótaí ag tús an aonaid seo.***

(d) Ceap scéal (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar thús leis.

- 1 'Bhí an oíche dorcha. Bhí sé leathuair tar éis a dó dhéag. Chuala mé torann ait thíos an staighre ...'
- 2 'Bhí Liam ag teacht abhaile ón bpictiúrlann. Shroich sé a theach. D'fhéach sé suas ar a sheomra. Bhí lasracha le feiceáil i ngach áit ...'
- 3 'Chuala na daltaí an bonnán (*siren*). Sheas said suas go tapa, agus shiúil siad i dtreo an dorais ...'

Céim 5

(a) Léigh an scéal thíos agus foghlaim na nathanna cainte atá ann.

Tráthnóna amháin i lár an gheimhridh tháinig m'athair abhaile óna chuid oibre go luath. Bhí sé traochta tar éis an lá oibre agus luigh sé siar ar an gcathaoir uilleann ag féachaint ar an teilifís. Tar éis scaithimh thit sé ina chodladh agus thit an páipéar nuachta óna lámha ar an urlár. Bhí tine leictreach ar lasadh sa seomra suí, agus tar éis nóiméad nó dhó bhí an páipéar nuachta trí thine, lasracha móra ag léim san aer.

Tamall gairid ina dhiaidh sin chuala mo mháthair torann ait ag teacht ón seomra suí. Ba bheag nar thit sí i laige nuair a chonaic sí na lasracha dearga timpeall an tseomra. Lig sí béic aisti, agus dhúisigh m'athair láithreach. Baineadh geit uafásach as. D'éalaigh sé go tapa amach as an seomra. Rith an bheirt acu amach an doras tosaigh, agus ghlaigh said ar na seirbhísí éigeandála.

Cúig nóiméad ina dhiaidh sin chonaic said an t-inneall dóiteáin ag screadach síos an bóthar. Go tapa léim na comhraiceoirí dóiteáin amach agus thosaigh said ag obair. Faoin am sin bhí an dóiteán ag leathadh ar fud an tí, agus ba léir go raibh an-damáiste déanta. Mhúch na comhraiceoirí dóiteáin an tine, agus bhí áthas ar mo thuismitheoirí nár gortaíodh aon duine sa dóiteán uafásach sin.

(b) Cuir deireadh leis an scéal thíos.

Léim mé den chathaoir nuair a chuala mé cnag ar an doras. Bhí mé féin agus mo chara Sorcha i bhfolach i saotharlann na scoile. Chromamar síos taobh thiar den chófra agus thosaíomar ag cogarnach (*whispering*). Leis sin thit an toitín a bhí á chaitheamh agam ar an urlár, agus thosaigh mo chroí ag preabadh. Chualamar guthanna sa halla, agus bhíomar an-neirbhíseach. Go tobann thug mé cic do bhuidéal agus doirteadh ceimiceáin amach ar an urlár. I bpreabadh na súl chonaiceamar lasracha ag léim san aer _____

*** Ná dean dearmad ar na nótaí ag tús an aonaid seo. ***

(c) Ceap scéal (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar thús leis.

- 1 'Léim mé den chathaoir nuair a chuala mé an cnag ar an doras. Mo dheartháir Liam a bhí ann.'
- 2 'Bhí an bháisteach ag titim go trom agus muid ag fágáil na pictiúrlainne. Bhí an bus deireanach imithe, agus chuir mé mo lámh i mo phóca chun m'fhón siúil a fháil, ach ní raibh sé ann...'
- 3 'Rith mé timpeall an chúinne i dtreo an tí nuair a chonaic mé na lasracha ag teacht ó fhuinneoga uachtaracha an tí...'